

❖ An Lúibín ❖

21 Feabhra 2005



Sualainnis san Fhionlainn

Finland has a linguistic minority: Swedish speakers. There is a world of difference between Finnish and Swedish, but the latter enjoys considerable official support. If this 'Gaeltacht' flourishes it is at least partly because of the nearby linguistic presence of Sweden itself, though Swedish as spoken in Finnish cities has been strongly influenced by the Finnish language. The article below, written in Irish by the Finno-Swedish linguist Panu Hogland, was first published in 2000.

Tá Panu Hoglund ar na Gaeilgeoirí sin ar de bhunadh tíortha eile iad. Teangeolaí é, agus scríbhneoir. Duine é de dhream ar leith san Fhionlainn – na cainteoirí Sualainnise. Thosaigh na Sualannaigh ag cur fúthu san Fhionlainn go luath sna meánaoiseanna, mar chuid den scaipeadh mór a d'fhág na Lochlannaigh i Sasana, in Éirinn, sa Rúis agus in áiteanna ab iargúlta fós. Tá gaol gairid ag an tSualainnis leis an Ioruais agus an Danmhairgis, agus gaol níos faide amach aici leis an bhFáráis agus an Íoslainnis (agus, ar ndóigh, le Béarla). Scéal eile an Fhionlainnis, teanga den saghas Fionn-Ugrach atá difriúil ar fad leis an tSualainnis, agus baint aici leis an Eastóinis, an Laplainnis, an Ungáiris, an Turcais, agus a lán mionteangacha thoir. B'fhada an Fhionlainn faoi smacht na Sualainne, nó gur tháinig an Rúis i réim ann san 18ú haois. Bhain an Fhionlainn neamhspleáchas amach tar éis an Chéad Chogadh Domhanda.

Tá suíomh Gaeilge ag Panu ar an Idirlíon: www.geocities.com/Athens/8308/. Seo thíos a chuntas (in nGaeilge Dhún na nGall) ar an tSualainnis san Fhionlainn.

An tSualainnis san Fhionlainn

Tá an chuid is mó de lucht na Sualainnise dátheangach, go háithrid i gcathracha móra an deiscirt, ar nós Turku/Åbo, áit a bhfuil mo chónaí féin, nó Heilsincí (Helsinki/Helsingfors). Thairis sin, tá cuid mhór de na ceantair Shualainnise, agus iad suite cois farraige, tá siad an-chóngarach do na cathracha is mó agus is sciobtha a fhásann sa tír seo, agus an-bhrú de dhaoíní isteach ar na ceantracha seo ó na ceantracha Fionlainnise dá réir sin.

Is iad na ceantracha Fionlainnise in oirthear na tíre na cinn is mó atá thíos leis na drochfhorbairtí eacnamaíocha inniu, agus an saol ag teip orthu nuair atá na daoíní óga ag tréigbheáilt. Ón taobh eile de, ós rud é go bhfuil na compail Sualainnise iontach gar do na cathracha móra, tá borradh maith faoi chuid acu, agus is fánach an baile Sualainnise dáiríribh a bhfuil aithne 'bhánú na tuaithe' air.

Is mór eadar na ceantair éagsúla Sualainnise, rud a chaithfear a rá. Mar shampla, tá an cráifeachas Liútaránach beo breabhsánta insan Ostrabóitne – an chuid is faide thuaidh de na 'Gaeltachtaí' Sualainnise, mar a déarfá, agus a gcultúr féin ag bunadh na gceantar sin. Na daoíní óga a fhágann na ceantair seo le hoideachas a tharraingt orthu sna bailte móra theas, is gnách lena bhformhór pilleadh ar an tseanfód ar lorg a ndúchais tar éis dófa an teistiméireacht ollscoile a bhaint amach, nó is minic iad ag fáil tormais ar shaol na gcathrach agus iad den tuairim nach bhfuil ann ach baois agus gairsiúlacht.

De réir an bhunreachtá tá an tSualainnis ar comhstádas leis an Fhionlainnis ar fud na tíre, ach is eol díbh mar Ghaeilgeoirí nach féidir i gcónaí muintín a bheith agaibh as an bhunreacht. Go praiticiúil, áfach, bíonn an tSualainnis iontach láidir, agus í le feiceáilt go forleathan fairsing, sna háiteanna ina bhfuil an teanga ó dhúchas ag seanbhunadh na háite. Ós rud é go rabh na

Sualannaigh ina dtiarnaí ar an tír fadó fadó, agus róbhéim á cur ar an tiarnas seo ag lucht an násiúnachais agus ag lucht teagasctha na staire, is iomaí Fionlainniseoir nach dtuigeann gur rud nádúrtha dúchasach í an tSualainnis ag lucht a labhartha, seachas geáitsí bréaguaisleachta. Is gnách le lucht na Fionlainnise a shílsteán gur clann do na seanuaisle iad ar fad lucht na Sualainnise san Fhionlainn, siúd is gur minicí sliocht d'iascairí an chósta iad.

Is fíor dófa an oiread sin, áfach, go bhfuil bunaíocht láidir chultúrtha ag na Sualainniseoirí, ar nós fundúireachtaí cultúrtha, agus iad ag tacú le cibé tionscadal cultúrtha Sualainnise dá bhfuil ag obair sa tír seo. Bíim féin ag foilsiú mo chuid altanna fá chultúr na Gaeilge in iris sheachtainiúil chléradacach Sualainnise, agus í ag fáil deontais uaireanta ó na fundúireachtaí cultúrtha seo toisc í a bheith ag cleachtadh na teanga, siúd is go bhfuil claonadh polaitiúil inti nach dtaitníonn le cuid mhór de lucht an bhunachais. Is é an rud is tábhachtaí ná í a bheith ag cur chun cinn na Sualainnise.

Déanta na fírinne, cionn is nach bhfuil na fundúireachtaí cultúrtha Fionlainnise ná lucht an ollrachmais leath chomh leathaigeanta sin ar thaobh na Fionlainnise, níl an cead cainte ag lucht na Fionlainnise agus mar tá sé againne. Mar a dúirt mé, iris sheachtainiúil chultúrtha atá i Ny Tid (www.kaapeli.fi/~nytid). Níl a leithéid ann as Fionlainnis, ná geall leis. Is é 'Kulttuurivihkot' an rud is cosúla le Ny Tid as Fionlainnis, agus é á chur amach gan ach sé huair in aghaidh na bliana! Fágann sin go bhfuil blas an iolrachais agus an liobrálachais ar an tSualainnis insan Fhionlainn.

Tá ár gcuid scoltacha féin againn agus an tSualainnis á húsáid iontu mar theanga teagasc, agus ní taise don ollscoil lánSualainnise s'againn, Åbo Akademi (www.abo.fi). Tá borradh mór faoi litríocht na Sualainnise, agus cur síos á thabhairt ag lucht a scríofa ar shaol na cathrach féin. Sualainniseoir de chuid na Fionlainne is ea í an t-ealaíontóir agus an scríbhneoir Tove Jansson a cheap na Moomins ('Mumin' as Sualainnis), mar shampla – na harrachtaigh lácha cineálta údaí agus aithne ag an tsaol mhór orthu anois buíochas leis na scannáin bheoite Sheapánacha. Thairis sin, d'éirigh le go leor Sualainniseoirí Fionlannacha eile cáil liteartha nó ealaíonta a bhaint amach san Fionlainn, sa tSualainn agus sna tíortha Lochlannacha. B'iad na filí mná ón Fhionlainn, Edith Sodergran agus Hagar Olsson, a chuir tús leis an nua-aoiseachas i dtús an chéid seo. Ina dhiaidh sin, chuir lucht léite na dea-litríochta cuid mhaith spéise in úrscéalta turgnamhacha Bo Carpelan. Agus, ar ndóigh, ní miste an scannánaí Jorn Donner a lua.

Caithfidh achan Fhionlannach 'an darna teanga tíre' a fhoghlaim ar scoil, iad siúd a bhfuil an Fionlainnis ó dhúchas acu caithfidh siad an tSualainnis a fhoghlaim, agus lucht labhartha na Sualainnise ag tarraingt na Fionlainnise orthu ar scoil. Ar an drochuair, tá dornán maith náisiúntóirí Fionlannacha ag iarraidh anois an 'tSualainnis éigeantach' a chur ar ceal. Maidir leis an tSualainnis féin san Fhionlainn, tá lorg na Fionlainnise ar an chineál 'fonn' a chuirtear léi, agus is minic sinn ag cur i leith mhuintir na Sualainne féin gur ag amhránaíocht a bhíos siad seachas ag labhairt. Thairis sin, is léir go bhfuil rian na Fionlainnise ar an chineál Sualainnise a labharthar san Fionlainn, go háithrid sna cathracha. Ón taobh eile, bíonn canúintí na tuaithe go minic níos cosúla leis an Ioruais nó leis an Fharóis ná leis an tSualainnis scríofa, agus foirmeacha iargúlta seanfhaiseanta beo iontu i gcónaí.

Sa teanga scríofa cuireann lucht na Sualainnise san Fhionlainn caol orthu cloí le caighdeán na Sualainne agus an chuid is measa den Fhionlainniseachas a sheachaint, ach ar ndóigh, tá córas stáit is riaracháin na Fionlainne chomh héagosúil leis an tSualainn agus go mbíonn gá uaireanta le téarmaí ar leith chun cur síos air. 'Departement' a bheir na Sualannaigh, mar shampla, ar Roinneacha an Stáit; 'ministerium' is ea an focal Sualainnise san Fhionlainn, toisc gur 'ministerio' a thugtar orthu as Fionlainnis. Agus ós rud é go bhfuil Roinn Oibreachais ann san Fhionlainn, rud nach bhfuil ann sa tSualainn, caithfear téarma ar leith a úsáid air i Sualainnis na Fionlainne: 'arbetskraftsministerium'.

Panu Hoglund



Á gcoinneáil

A personal look at asylum seekers and the strange ways of authority.

Tá daoine ann agus deir siad gur neascóid ar thóin na tíre iad na lárionaid choinneála a ndeachaigh an oiread sin dídeanaithe tríothu. Agus an scéal mar atá, ba dheacair gan aontú leo. Ní hé an rialtas seo a chuir ar bun iad agus ní hé an rialtas seo a chuirfeas deireadh leo, ach bhí siad neamhoiriúnach riamh don obair. Príosúin iad, agus gan de thoradh orthu go dtí seo ach drochriaradh, gaotaireacht, lúbaireacht agus cur amú airgid, gan trácht ar an drochmhisneach a d'fhág sé ar gach duine a bhain leo. Is minic a áitíodh gurbh fhusa agus gurbh éifeachtaí na teifigh neamhoifigiúla seo a lonnú sa phobal agus iad a phríoiseáil ann, go háirithe ó fuair a bhformhór mór an víosa ar aon chuma; agus dhéanfaí é ar an bpingin is saoire. Níor ghá aon duine a choinneáil i ngéibheann ach an té ar bhaol don tír é i ndáiríre.

Is minic a cuireadh an scéal ar seachrán le baothchaint faoi chúrsaí slándála agus faoi 'scuaine' áirithe. Shéan ASIO féin, cosantóirí ár slándála, go raibh contúirt ag baint leis na daoine úd: dá mba sceimhlitheoir thú thiocfá i dtír leis an ticéad ceart, ós í an mheasúlacht an ceileatram is fearr amach. Is é ba chúis le scéal na scuaine ná ciall chontráilte a bhaint as an gcaoi a mbailítear ainmneacha teifeach i dtíortha suaite. Ní dhéantar ach deasc agus cathaoir a bhualadh anuas ar bhall caothúil, gairm ar mhuintir an cheantair agus liosta a dhéanamh as éadan de na daoine a thagann isteach, cuma cén fiúntas a bhaineann lena gcás. Tamall maith ina dhiaidh sin a dhéantar an scagadh. Ar an drochuair is iomaí dídeanaí 'aindleathach' nár chuala an ghairm úd, agus a raibh air peannaid phríosúin a fhulaingt sula bhfuair sé an rud a bhí uaidh.

Is minic ráite é gur dearcadh diúltach doicheallach atá ag an Roinn Inimirce. Más ea, tá cúiseanna leis. Mar is eol do chách, tá eagla stairiúil orainn roimh na strainséirí aduaidh (an dream úd a d'fhéadfadh sinn a chur de dhroim tí agus talún, más fíor), agus bhí a rian sin riamh ar mhodh oibre na Roinne. Déarfadh oifigigh na Roinne leat go bhfuil na táinte ar bior chun an Astráil a bhaint amach, gur gá dóibh féin an fód a sheasamh, agus go gcaithfidh siad déileáil lena lán rógairí agus drochiarratais. Tá na rógairí ann, cinnte, agus iarratais gan mhaith, agus tá an t-amhras fite fuaite in oibriú agus in aigne na Roinne dá bharr. Earra úsaideach é an t-amhras ach dornán céille a mheascadh tríd – rud nach ndéantar i gcónaí. Tá bun le caint na ndaoine a deir go bhfuil an Roinn tugtha don fhéinchosaint, go bhfuil aigne righin aici agus go bhfuil smál na neamhéifeachta uirthi, d'ainneoin a bhfuil d'oifigigh inniúla ann. (Chaith mé tamall ar thascfhórsa sa Roinn mé féin ag plé le mic léinn ón tSín tar éis choscairt Chearnóg Tianamen, agus ní beag an méid a d'fhoghlaim mé.)

Ní nach ionadh, is minic achomharc á dhéanamh. Chun léargas a fháil ar a bhuaine atá dearcadh na Roinne agus ar shíorpholaitiúlachas na gcúrsaí seo is fiú dul chomh fada siar leis an mbliain 1993 (*Mok Gek Bouy, 12/11/93, Keely J.*) Cás é a bhain le bean a tháinig ar bhád ón gCambóid go dtí an Astráil, agus í ag teitheadh ó na Khmer Rouge. Dhiúltaigh an Roinn í a ghlacadh mar theifeach, agus rinne sí achomharc. Dúirt sí go raibh claonadh i gcoinne lucht na mbád ón gCambóid, claonadh a bhain lena ndúirt an Príomh-Aire Hawke faoi 'economic refugeeism' ag an am agus le fonn plódú isteach ón Áise a bhacadh. Dúirt an breitheamh, i measc rudaí eile, go ndeachaigh tuairim an Phríomh-Aire i bhfeidhm ar an oifigeach a rinne an cinneadh, agus cealaíodh an cinneadh sin dá bharr. (Rinne an tAire féin achomharc ina dhiaidh sin.)

Cuirtear mórán rudaí san áireamh agus cás á mheas sa chéad dul síos. Is gnách trialacha teanga a úsáid chun áit dhúchais iarrthóra a dheimhniú, rud a dhéantar (más fíor don Roinn) toisc go gcaitheann an oiread sin dídeanaithe a gcuid cáipéisí i dtraipisí. Cuireadh na mílte faoi scrúdú ar an dóigh seo agus fuair os cionn 70% acu víosa. Is é an áit a bhfuil an deacracht ná nach mar a chéile tuairimí na dteangeolaithe, agus nach féidir lánmhuinín a chur in eolas

na háite féin mar dhearbhu. Más bean thú a chaith an chuid ba mhó dá saol istigh, cén t-eolas cruinn a bheadh agat ar do cheantar féin fiú?

Is é an chaoi is cruinne a léirítear sceoin stairiúil na Roinne (dá fheabhas iad cuid mhaith dá hoifigigh) ná an iarracht a rinneadh ar áiteamh ar dhídeanaithe scuabadh leo abhaile seachas fanacht i ngéibheann. Tugadh airgead do theifigh ón Afganastáin chuige, mar shampla, cé gur léir don dall go mbeidís i gcontúirt fós.

Tá cuntas ar an scéal i dtuarascáil neamhspleách, 'Deported to Danger – A Study of Australia's Treatment of 40 Rejected Asylum Seekers,' a choimisiúnaigh Lárionad Éamoinn de Rís agus Ollscoil Chaitliceach na hAstráile. Cuireann sí síos ar chás na ndídeanaithe a cuireadh ar ais go dtí tíortha contúirteacha. Cuireadh agallamh ar 40 duine, agus bhí 35 acu i gcontúirt fós; níl aon amhras ná gur maraíodh nó gur fuadaíodh a lán eile. Bhí mórán acu ag brath ar cháipéisí ó na húdaráis anseo, cáipéisí nár glacadh leo thar lear nó a chuaigh as feidhm go tapa. Deir an rialtas gur cuma leis faoi dhídeanaithe tar éis iad a dhíbirt. Tá an tuarascáil le fáil ar: www.erc.org.au.

Socraíodh scéal na lárionad i dtreo go mbeadh an Roinn (agus na polaiteoirí) dealaithe amach ó obair shalach an ghéibhinn. Ba bhocht an chosaint dóibh é nuair a tharla an eachtra ba dhéanaí – Astrálach mná a ghabháil sa chóras ar amhras gur dhídeanaí í. Ba thrua leat a cor, ach is léir (mar a dúirt a lán) nach gcuirfí an tsuim chéanna sa scéal mura bean fhionn de shliocht Eorpach a bhí i gceist. Is léir freisin go mbeidh an Roinn agus na conraitheoirí coinneála ar a seacht ndícheall ag seachaint an mhilleáin nuair a rachaidh an lucht fiosrúcháin i gceann oibre. Focal ní déarf, áfach, faoi cheist na lárionad féin. Leag lucht inimirce a gcrúba ar Astrálaigh eile seachas an bhean úd, agus ar dhídeanaithe a raibh cead cónaithe acu, rud a thabharfadh le fios duit nach easpa díograise atá cuid d'oifigigh na Roinne, cibé easpa eile atá orthu.

Tá an ceart acu siúd a deir gur thugamar dídean do mhórán; tá an ceart freisin ag an dream a deir, dá ainneoin sin, go bhfuil néaróis na staire ag baint leis an ngnó. Galar é atá ar an dá pháirtí mhóra araon, ar a lán ardstátseirbhíseach agus ar chuid mhaith den choitiantacht. Cuid dár n-oidhreacht naofa é, agus, mar a dúirt mac míghnáíúil an Rí, is deacair oidhreacht a dhiúltú.

CR



Hibernia latina (1)

Latin was for centuries the second language of the Irish. It gave them their alphabet and a classical heritage – a heritage which Irish missionaries helped reinstate on the Continent. The Irish themselves wrote indefatigably in Latin from the 6th century to the 17th. A glance at how it began.

Roinnt blianta ó shin, in agallamh ar Raidió SBS, dúirt an scoláire Donnchadh Ó Chorráin go raibh méid ollmhór Laidine – na milliúin focal - scríofa ag na hÉireannaigh. Chuaigh siad ina bhun le teacht na Críostaíochta, agus lean den obair anuas go dtí an 17ú haois. Tá cuid dá saothar le fáil ar an suíomh Idirlín *Celt*, tionscnamh a bhaineann le Coláiste na hOllscoile, Corcaigh, agus a bhfuil dlúthbhaint ag an gCorránach féin leis: www.celt.ie.

Thug an teanga nua isteach léi briathar Dé, dúchas clasaiceach agus saol idirnáisiúnta an léinn. D'áiteodh scoláirí éigin gur tháinig sí go dtí Éire le lucht léinn ón nGaill a bhí ag teitheadh ó na treibheanna Gearmánacha go luath sa chúigiú haois. B'fhada eolas ag ceannaithe Rómhánacha ar Éirinn, agus bhí Críostaithe sa tír sular tháinig Pádraig. Ní deacair a chreidiúint gurbh iad na Gaill-Rómhánaigh úd a bhunaigh na chéad scoileanna. Scoileanna na mainistreacha féin a chothaigh an léann ina dhiaidh sin.

Is cosúil go rachadh buachaillí ar scoil ann agus iad timpeall seacht mbliana d'aois. Léamh na Laidine a mhúintí ar dtús, agus an scríobh ina dhiaidh sin, le cúnamh táibhléid chéaracha. Bhí foclóirí ar fáil, táblaí díchlaontaí agus eile, agus coípeanna de ghráiméar Rómhánach Phriscian. (Ní fios cá mhéad den léann seo a bhí le fáil ag cailíní, cé go raibh roinnt clochar ann.) Ní bheadh féith na foghlama i ngach dalta, ach bheadh faille ag dalta meabhrach ar sháreolas a fháil ar an teanga, rud is léir ó na lámhscríbhinní. Faoin gcúigiú haois, go fiú ar an Mór-roinn, ní raibh Laidin ina teanga dhúchais ag duine ar bith, agus b'éigean duit dul ina ceann luath go maith i do shaol chun máistreacht a fháil uirthi.

Bhain na manaigh feidhm as Laidin chun iad féin a chur in iúl dá chéile agus don saol mór, agus a fhios acu go raibh dlúthbhaint acu tríd an teanga leis an Eaglais ar an Mór-roinn. I Laidin a rinneadh an díospóireacht faoi ábhar an-chonspóideach - dáta na Cásca. Bhí an dáta sin socraithe as an nua ag an Róimh, ach chloígh roinnt mhaith Éireannach fós leis an tseanfheile thraidisiúnta. Tá litir ann a scríobh Cummian, ab Dharmhaí, am éigin idir 632 agus 636, chun ab na mainistreach ar Oileán Í, á áiteamh air glacadh leis an dáta ab fhearr leis an Róimh: 'Quid autem pravius sentiri potest de ecclesia matre, quam si dicamus Roma errat, Hierosolyma errat, Alexandria errat, Antiocha errat, totus mundus errat: soli tantum Scoti et Britones sapiunt'. [*Cén chaoi is measa chun náire na hEaglaise a thabhairt ná sinn a rá go bhfuil breall ar an Róimh, ar Iarúsailéim, ar Alasdair, ar an Aintíoc, ar an domhan go léir, agus gur ag na Gaeil agus ag na Briotanaigh amháin is fearr a fhios.*] Déantar an t-áiteamh anseo i dteanga choiteann na diagachta, ach ba iad na manaigh chéanna seo ba mhó a chuir dlús le saothrú na Gaeilge féin: an léann idirnáisiúnta agus an léann dúchasach á saibhriú in éineacht.

Má bhí cuid de na manaigh beo le léann ní raibh na mainistreacha féin taibhseach: teampall beag cloiche, roinnt bothán, páirceanna agus coillte ina dtimpeall, agus dlúthbhaint ag na manaigh le muintir na dúiche. As an saol seo a fáisceadh Colm Cille, duine léannta taghdach a rugadh sa bhliain 521 i nDún na nGall agus a cailleadh sa bhliain 597 ar Oileán Í. Bhí Laidin ar a thoil aige, agus seo thíos sliocht as a iomann *Altus Prosatus*. D'fhág friotal an Bhíobla Laidine a rian air, ach (mar a deir an scoláire Helen Waddell) le Colm Cille féin atá na véarsaí tochtmhara i dtaobh chinniúint na mban agus na bhfear. Díol spéise é go mbaintear feidhm as ornáid nua na ríme. Maidir leis an ábhar, bhraith Críostaithe na linne sin nárbh fhada uathu Lá an Bhrátha.

Regis regum rectissimi
Prope est dies domini

Dies irae et vindictae
Tenebrarum et nebulae

Diesque mirabilium
Tonitruorum fortium

Dies quoque angustiae
Maeroris ac trististiae

In quo cessabit mulierum
Amor et desiderium

Hominumque contentio
Mundi huius at cupido

Is gairid uainn lá an Tiarna, Rí sárfhúréanta na ríthe

Lá feirge agus díoltais, lá scáileanna agus scamall

Lá na míorúiltí agus na toirní tréine

Agus lá cráite, lá buartha agus bróin

Nuair a chríochnóidh tnúth agus grá na mban

Coimhlint na bhfear, agus saint an domhain seo

Ba ghearr go mbeadh na hÉireannaigh ag scaipeadh Críostaíochta agus Laidine thar lear, mar chúiteamh ar an léann a tháinig chucu féin ó na bólaí sin.

Ar leanúint.



Gaeilge.ie

A new link is available from Foras na Gaeilge to advertise Irish-language events throughout the world.

Tá suíomh nua curtha ar bun ag Foras na Gaeilge: www.gaeilge.ie. É ina nasc idir na heagraíochtaí Gaeilge agus gach dream atá ag plé leis an nGaeilge.

Is féidir imeachtaí Gaeilge ar fud an domhain a fhógairt saor in aisce ann. Má chláraíonn tú le **Gaeilge.ie** beidh tú in ann fógraí a chur ar chlár na n-imeachtaí agus iad a chur ar an NASC.

Tá ríomhphost foláirimh ar fáil a choinníonn ar an eolas thú agus a ligeann duit rudaí spéisiúla a shábháil.



Mura mian leat An Lúibín a fháil, cuir teachtaireacht chun: colger@melbpc.org.au.

Colin Ryan